# An Ghaeilge a Phróifíliú i dTuaisceart Éireann

Foilsíodh tuarascáil taighde ar an 29 Meitheamh 2022 a thug fianaise nua faoin tionchar atá ag cúrsaí soch-dhéimeagrafacha, teaghlaigh, agus sláinte ar eolas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Bhí Ollscoil na Banríona i gceannas ar an obair seo agus fuair siad tacaíocht ó thaighdeoirí sa Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde (NISRA). Thacaigh an Roinn Pobal leis an taighde. D'úsáid an staidéar sonraí Daonáirimh trí Fhadstaidéar Thuaisceart Éireann (NILS), sampla mór (28%) de dhaonra Thuaisceart Éireann.

Seo a leanas príomhchuspóirí an taighde:

- An tionchar a bhí ag cúrsaí soch-dhéimeagrafacha, teaghlaigh, agus sláinte ar eolas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann in 2011 a mheas;
- Cúrsaí soch-dhéimeagrafacha, sláinte, agus ceantair a scrúdú (a shamhaltú) le heolas féintuairiscithe ar an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann in 2011;
- Athrú ar eolas féintuairiscithe ar an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann in 2011 a scrúdú; agus
- Cohóirt níos óige (3-19 bliain) den daonra a rianú, le fócas ar chohórt 2001, agus comhghaolaigh an athraithe ar eolas féintuairiscthe ar an Ghaeilge a scrúdú i ndiaidh tréimhse deich mbliana.

## Príomhthorthaí

- Astu siúd a raibh eolas acu ar an Ghaeilge, thuairiscigh beagnach dhá thrian (62.6%) go raibh siad ina gcónaí le daoine eile a raibh eolas acu ar an Ghaeilge (26.5% le duine amháin eile, 15.5% le 2 eile agus 20.6% le 3 eile nó níos mó).
- **I ndiaidh tosca eile a chur san áireamh**, ba iad na príomhthosca a bhain le heolas a bheith ag duine ar an Ghaeilge in 2011 ná: a bheith idir 11-15 bliana d'aois, a bheith tagtha ar an saol i bPoblacht na hÉireann, an reiligiún Caitliceach/reiligiún na tógála, reiligiún eile/gan reiligiún sa tógáil, féiniúlacht náisiúnta Éireannach, cáilíocht ag leibhéal céime agus daoine eile a bhfuil eolas acu ar an Ghaeilge sa teaghlach.
- Ba mhó seans go mbeadh eolas ar an Ghaeilge ag daoine a bhí ina gcónaí sna 20% de na ceantair is díothaí agus acu siúd a bhí ina gcónaí in Iarthar agus Deisceart Thuaisceart Éireann (ceantair NUTS III roimhe seo). Mar sin féin, laghdaíodh an tionchar a bhí ag díothacht cheantair agus ceantar cónaithe i ndiaidh reiligiún/reiligiún na tógála, féiniúlacht náisiúnta agus cónaí le daoine eile a bhfuil eolas acu ar an Ghaeilge a chur san áireamh.
- **I ndiaidh tosca eile a chur san áireamh**, bhí baint dhearfach ag dea-shláinte le heolas ar an Ghaeilge. Laghdaigh deacracht chumarsáide an dóchúlacht go léireofaí eolas ar an nGaeilge faoi 49% do dhaoine idir 3-74 bliana d'aois.
- As na baill NILS a áiríodh i nDaonáireamh 2001 agus 2011 araon, thug 15.5% le fios go raibh eolas acu ar an Ghaeilge riamh. Astu siúd a thug le fios go raibh eolas acu ar an Ghaeilge in 2001 nó 2011, choinnigh (31.6%), chaill (32.7%) nó fuair (35.7%) sciartha comhchosúla eolas ar an Ghaeilge idir an dá Dhaonáireamh.

- Agus an t-athrú Gaeilge idir 2001 agus 2011 a mheas (n=350,418), ba é an sciar is airde daoine a fuair an Ghaeilge ná iad siúd idir 3-10 mbliana d'aois (13.6%) in 2001, agus ba é an sciar is airde daoine a chaill an Ghaeilge le feiceáil i ndaoine idir 11-15 bliana d'aois in 2001 (13.3%).
- Astu siúd a raibh Gaeilge acu in 2001 agus/nó 2011 (n=54,335), chaill 45.7% díobh siúd a dúirt gur Chaitlicigh iad in 2001 ach chan in 2011 an Ghaeilge; agus fuair 43.5% díobh siúd nár Chaitlicigh sa bhliain 2001, ach ba Chaitlicigh iad in 2011 an Ghaeilge.
- Don chohórt níos óige (3-19 bliain in 2001), bhí sciartha níos airde de na baill NILS sin nár thuairiscigh go raibh eolas ar an Ghaeilge acu in 2011 ach go raibh eolas acu in 2001 (i.e. iad siúd a 'chaill' Gaeilge) i dteaghlaigh ina raibh laghdú ar líon na ndaoine a raibh eolas acu ar an Ghaeilge, ach ba ghnách le 'daoine a fuair an Ghaeilge' a bheith i dteaghlaigh inar fhan líon na 'ndaoine a bhfuil Gaeilge acu' mar an gcéanna nó inar tháinig méadú orthu.

## Tionchar agus na Chéad Chéimeanna Eile

Cuideoidh an tuarascáil seo, agus tuarascáil eile ar an Ultais le léirmhíniú na dtorthaí ó Dhaonáireamh 2021 maidir leis an Ghaeilge/Ultais. Beidh an dá thuarascáil taighde cuidiúil d'fhorbairt na straitéisí don Ghaeilge agus don Ultais, a bhfuil an Roinn Pobal i gceannas orthu.

**An Príomhúdar:** Ian Shuttleworth
**Ríomhphost:** I.Shuttleworth@qub.ac.uk